*Uimhir* 24 *de* 2000

# ACHT NA LIA-CHLEACHTÓIRÍ (LEASÚ), 2000

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Leasú ar alt 29 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978.

2. Gearrtheideal agus comhlua.

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978 | 1978, Uimh. 4 |
| Achtanna na Lia-Chleachtóirí, 1978 agus 1993 | |

*Uimhir* 24 *de* 2000

# ACHT NA LIA-CHLEACHTÓIRÍ (LEASÚ), 2000

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ ALT 29 D'ACHT NA LIA-CHLEACHTÓIRÍ, 1978, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE A BHAINEANN LEIS AN MÉID SIN. [8 *Iúil,* 2000]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Leasú ar alt 29 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978.

**1.**—Leasaítear alt 29 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Féadfaidh an Chomhairle tréimhse a bheidh cinnte faoi fho-alt (1) den alt seo a fhadú go ceann cibé tréimhse nó tréimhsí breise a chinnfidh an Chomhairle ar choinníoll nach faide ná seacht mbliana comhiomlán na dtréimhsí sin.".

Gearrtheideal agus comhlua.

**2.**—(1) Féadfar Acht na Lia-Chleachtóirí (Leasú), 2000, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar Achtanna na Lia-Chleachtóirí, 1978 go 2000, a ghairm d'Achtanna na Lia-Chleachtóirí, 1978 agus 1993, agus den Acht seo le chéile.